

Sa Ghairdín



Tá gairdín againn sa bhaile **ar chúl an tí**. Fásann a lán **glasraí** ann. Tá **pileanna**, **leitís**, **oinniúin** agus cabáiste in áit amháin. Tá **prátaí**, **tornapaí** agus **cairéid** in áit eile. Cuireann Daidí na **prátaí** san earrach. Tá balla ard **timpeall an ghairdín**. Tá **fear bréige** i lár an ghairdín chun eagla a chur ar na **préacháin**. Bíonn Spota ag súgradh sa ghairdín. Déanann sé poll ann agus cuireann sé cnámh isteach ann. **Cuidíonn** Tomás lena Dhaidí sa ghairdín.

Foclóir:

glasraí , vegetables	fear bréige , scarecrow
oinniúin , onions	préacháin , crows
earrach , spring	cnámh , bone

A. Líon isteach na bearnaí:

gla—raí, oin—iúin, ca—áiste, ear—ach, tim—eall, súg—adh, cná—h.

B. Líon isteach na bearnaí:

1. Fásann a lán — ann.
2. Cuireann Daidí na **prátaí** — —.
3. Tá — ard timpeall an ghairdín.
4. Bíonn Spota ag — sa ghairdín.
5. Cuidíonn Tomás lena Dhaidí — —.

C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cá bhfuil an ghairdín?
— ar chúl an tí.
— os comhair an tí.
— ar thaobh an tí.

2. Cad a chuireann Daidí san earrach?
— bláthanna.
— úlla.
— prátaí.

3. Cá bhfuil an fear bréige?
— ar an mballa.
— sa chistin.
— i lár an ghairdín.

D. Freagair na ceistanna:

1. Cad a fhásann sa ghairdín?
2. Cé a chuireann na **prátaí** san earrach?
3. Cá bhfuil an balla ard?
4. Céard a dhéanann Spota sa ghairdín?
5. Cá gcuireann sé an cnámh?
6. Cén fáth a bhfuil fear bréige sa ghairdín?

Gramadach 14

(i) Foghlaim:	Cuidím	Cuidímid
	Cuidíonn tú	Cuidíonn sibh
	Cuidíonn sé	Cuidíonn siad
	Cuidíonn sí	

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Téann sé isteach sa chistin agus **cuidíonn** sé le Mamaí gach lá.

1. Téim isteach sa chistin agus — le Mamaí gach lá.
2. Téann sibh isteach sa chistin agus — — le Mamaí gach lá.
3. Téann Íde isteach sa chistin agus — — le Mamaí gach lá.
4. Téimid isteach sa chistin agus — le Mamaí gach lá.

(ii) Foghlaim:	asam	asainn
	asat	asaibh
	as	astu
	aisti	

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Nuair a chonaic mé Spota lig mé béic **asam**.

1. Nuair a chonaic sí Spota lig sí béic —.
2. Nuair a chonaic Seán agus Liam an madra lig siad béic —.
3. Nuair a chonaiceamar Spota ligeamar béic —.
4. Nuair a chonaic sibh Spota lig sibh béic —.